

An Córas Oideachais Dara Leibhéal in Éirinn (2017)

Níl mórán i mbéal an phobail le cúpla bliain anuas ná An Córas Oideachais dara léibhéal in Éirinn. Séard is brí leis an téarma Córas Oideachais ná conas a fhaigheann daltaí scoile eolas faoi ábhair éagsúla in **uimheartacht** (numeracy) agus i **lítearthacht** (literacy). Ansin, dara léibhéal, is é sin an tréimhse idir dhá bhliain déag d'aois go dtí ocht mbliana déag d'aois ar scoil nuair bhíonn tú ag staidéar ó naoi a chlog go dtí a ceathair le uair a chloig don sos, de ghnáth. Tá áthas orm a rá go bhfuil mo thaithí pearsanta féin agam ar an ábhar.

Lig dom insint duit faoin ualach trom oibre atá agam. Tá mé ag déanamh seacht n-ábhar. Tá réimse ábhar éagsúile againn sa scoil seo idir ábhair theanga ábhair phraiticiúla agus an mata agus an eolaíocht. Níl aon dabht faoi ach go mbíonn a lán brú ar dhaltai Ardteiste. Léigh mé le déanaí ar tuairisc.ie go rinneadh taighde cúpla bliain ó shin faoi mheasúnú ar scoil agus 'nach bhfuil formhór na scoláirí ag baint aon taitnimh as a gcuid foghlama ná as na hábhair Ardteiste a ndéanann siad staidéar orthu'... 'mar gheall gur foghlaim thanaí gan **machnamh** (reflection) a bhíonn á déanamh acu' agus 'déanann siad dearmad ar an méid atá foghlamtha acu agus fágann siad ina ndiaidh é'.

Mol an óige an tiocfaidh sí, mar a deir an seanfhocail, ach cá bhfuil an **moladh** (praise)? Ó dhaoine fásta a chuireann brú ar dhéagóirí ó thaobh a gcuid staidéir de? Ní hea, is oth liom a scríobh. Bíonn déagóirí i gcomórtas lena chéile mar tá rás na bpointí i bhfeidhm inár gcóras oideachais dara léibhéal sa tír seo. Anuas ar sin, cuirtear brú millteanach orthu. Bíonn daoine ag cúlchaint(gossiping) ar dhaoine eile, agus is rud **nimhneach** (hurtful), chun fhírinne a rá. Cuireann córas na bpointí an-bhrú ar dhaltai agus bíonn cuid acu ag streachailt agus in **ísle brí** (depression) faoin am a bhíonn na scrúdaithe féin ar siúl. Ceapaim féin go bhfuil an iomarca airde sa tír seo ar an Ardteist agus go gcruthaíonn sé sin a thuilleadh brú. Ní fíor oideachas é, i mo thuairim féin. Is dóigh liom go bhfuil daltaí na hÉireann ag foghlaim don scrúdú, ní don saol. 'Eochair feasa foghlaim' mar a deir an seanfhocal, ach téann ár ndaltai i dtreo dorais eile.

Tá athraithe beaga ag taisteáil mar is cosúil go bhfuil ag teip orainn go dtí seo, teach ar aon reiteach sásúil ar an bhfadhb seo, mar tá na fadhbanna céanna ag déagóirí i láthair na huaire ná fiche bliain ó shin. Deirtear go bhfuil réiteach na faidhbe ar fáil leis an Sraith Shóisearach nua. Tá sé ar intinn ag **ceannairí** (leaders) ón Roinn Oideachais go mbeadh níos mó measúnú **leanúnach** (continued assessment), ach dealrofaí dom go mbeadh níos mó scruduithe le déanamh ag an uair chéanna i rith na bliana, agus níos mó brú ansin.

I mo thuairim tá an córas oideachais idir dhá cheann na meá mar thoradh ar na polaiteoirí. Ní chabhraíonn an rialtas le daoine atá ag freastal ar scoil ná ar choláiste nó le tuistí dubh, bán ná riabhach. Tá scoileanna faoin tuath á ndúnadh agus níl scoileanna nua á dtógáil. Tá scoileanna eile ag titim anuas agus gan **áiseanna nua-aimseartha** (modern facilities) dá laghad iontu. Maidir leis an Ardteist tá an iomarca béime ar na pointí agus ar chóras na bpointí. Tá daltaí faoi bhrú gach lá pointí arda a fháil agus níl sé cothrom. Níl an seans céanna ag gach scoláire cúrsaí maithe a dhéanamh muna mbíonn tú an-acadúil. Cruthaíonn sé seo **sochaí dhá chiseal** (two-tier society) agus níl sé sin **inghlactha** (acceptable), dar liom. Le déanaí tá go leor cainte faoin **Sraith Sóisearach** (Junior Cycle) nua, córas a bhfuil an-chuid conspóide faoi. Admhaíonn gach duine go gcuireann córas na bpointí brú ar dhaltaí ach níl na polaiteoirí ag athrú an chórais mar gheall ar na daltaí, a mhalairt ar fad atá fíor! Tá an cúrsa nua againn ar mhaithe le hairgead a shábháil! Níl **an tAire Oideachais** (Minister for Education) sásta éisteacht leis na múinteoirí faoin easpa **leanúnachais** (continuity) a bheidh ann agus faoi na fadhbanna a chrúthódh sé. Teastaíonn ó mhúinteoirí go mbeadh córas cothrom ann do gach dalta, cén fáth nach bhfuil na **polaiteoirí** (politicians) sásta oibriú leo?

Ní féidir an aiste seo a chríochnú gan trácht ar na **scileanna luachmhara** (valuable skills) a fhoghlaimímid ar scoil. Ar dtús foghlaimímid conas **comhoibriú** (co-operate) le daoine eile agus ag an am céanna conas a bheith **neamhspleách** (independent). Foghlaimímid freisin scileanna sóisialta agus practiciúla mar shampla an chócaireacht nó an teicneolaíocht. Is turas aibíochta é an t-oideachas gan dabht. Bímid ag obair faoi bhrú. Múintear dúinn a bheith **eagraithe** (organised) i gconaí agus poncúil. Anuas ar sin faighimid eolas ollmhór ar an saol tríd na hábhair a dhéanaimid. Sna himeachtaí breise a dhéanaimid foghlaimímid scileanna tábhachtacha.

Mar fhocal scoir, caithfear a **adhmháil** (admit) gur ábhar casta conspóideach é, an córas oideachais dara léibhéal in Éirinn i láthair na huaire. Tá go leor ábhair le déanamh agus an t-uafás

brú ag baint leis na hábhair, mar tá scrúdú ag baint le beagnach gach ábhar. Le cúnamh Dé, i gceann cúpla bliain beidh an córas níos cothroime do chuile dhuine. Is maith an rud a bheith ag caint faoi ar aon nós dar liom!